



# **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

## **ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

**MIOTALÓIREACHT – ARDLEIBHÉAL**

---

**100 Marc**

---

**Dé Máirt 16 Meitheamh, Tráthnóna 2:00 – 4:00**

---

### **TREORACHA**

1. Freagair Ceist 1, Roinn A agus Roinn B, agus trí cheist eile.
2. Ní mór na freagraí go léir a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.
3. Cuirtear páipéar cearnógach ar fáil le haghaidh léaráidí de réir mar is gá.
4. Lipéadaigh agus uimhrigh go cúramach gach ceist a dtugann tú faoi, le do thoil.


ROINN A – 20 MARC  
ÉIGEANTACH

Freagair **cúig** cheist ar bith.



Taispeánann an léaráid, Fíor 1, roinnt de na príomhpháirteanna in inneall bunúsach dhá bhuille.

Baineann na ceisteanna (a) go (d) leis an léaráid seo.

- (a) Déan cur síos ar fheidhm na Spréachphlocóide.  
(4 mharc)
- (b) (i) Sainaithin páirt ‘C’ den inneall.  
(ii) Mínigh an fheidhm atá ag páirt ‘C’.  
(4 mharc)
- (c) Tabhair breac-chuntas ar oibriú an innill ar an mbuille suas.  
(4 mharc)
- (d) Mol **dhá** fheidhmiú oiriúnacha **ar bith** d’inneall dhá bhuille.  
(4 mharc)
- (e) Déan cur síos achomair ar an obair a rinne duine **amháin** díobh seo a leanas ar mhaithe leis an teicneolaíocht:
- (i) Thomas Edison, nó  
(ii) Henry Maudslay, nó  
(iii) Frank Whittle.  
(4 mharc)
- (f) (i) Ainmnigh ábhar plaisteach oiriúnach **amháin** a d’fhéadfaí a úsáid chun an fótafhráma a thaispeántar, a dhéanamh.  
(ii) Déan cur síos ar conas a lúbtar an fótafhráma a thaispeántar chun go mbeadh cruth cuí air.  
(4 mharc)
- (g) (i) Sainaithin na comhpháirteanna 1 agus 2 sa chiorcad leictreonach a thaispeántar.  
(ii) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm an **LDR** sa chiorcad leictreonach.  
(4 mharc)




Fíor 1



## ROINN B – 20 MARC ÉIGEANTACH

Freagair **cúig** cheist **ar bith**.

**Taispeánann na líníochtaí an Painéal Rialúcháin, an Focharráiste ar Clé agus líníocht chóimeála Thionscadal Miotalóireachta Ardleibhéil, 2009, Mionsamhail d’Aerárthach.**




**Painéal Rialúcháin Aicrileach**

- (a) Mol **dhá** chéim **ar bith** ba chóir a thógáil nuair a bhítear ag druileáil na bpoll Ø10 sa Phainéal Rialúcháin, chun nach ndéanfaí damáiste ar bith don aicrileach.

(4 mharc)

- (b) (i) Ríomh lántoisí an Focharráiste ar Clé.  
(ii) Déan cur síos ar conas a dhéantar an Focharráiste ar Clé a lúbadh chun go mbeadh cruth cuí air.

(4 mharc)



**Focharráiste ar Clé**

- (c) Tabhair breac-chuntas ar na modhanna atá riachtanach chun bailchríoch ar ardchaighdeán a chur ar gach dromchla orthu seo:

- (i) an Painéal Rialúcháin a dhéantar as aicrileach;  
(ii) an Focharráiste ar Clé a dhéantar as alúmanam.

(4 mharc)

- (d) Déan cur síos ar conas is féidir an mhionsamhail a rialú agus a stiúradh trí oibriú an chiorcaid leictreonaigh.


(4 mharc)

- (e) Dear, ag úsáid léaráide duit, Roth Tosaigh Roithlíneach agus Gabhdán Bataire mar aonad comhtháite don mhionsamhail.

(4 mharc)

- (f) Luaigh **dhá** bhuntáiste **ar bith** a bhaineann le painéal cianrialúcháin chun Mionsamhail d’Áerárthach a oibriú.

(4 mharc)



**Mionsamhail d’Aerárthach**

**Taispeántar mionsamhail shimplí de phróiseas deartha thall.**

## Achoimre ar Dhearadh

An tasc a leagtar amach duit. Creatlach dá n-iarrtar ort a dhéanamh.

(a) (i) Liostaigh trí phíosa eolais **ar bith** a d'fhéadfadh a bheith sna "líníochtaí táirgthe".

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** atá le comhlíonadh ag an gcéim "monarú".

(7 marc)

8. Measúnú

1. Cuardaigh Eolas

7. Tástáil agus Modhnaigh

2. Déan Taighde

6. Monarú

3. Forbair Smaointe.

**Taispeántar múchtóir tine atá le suiteáil sa seomra Miotalóireachta.**

(b) (i) Tarraing ingearchló an mhúchtóra tine mar a thaispeántar.

(ii) Dear brac balla oiriúnach chun an múchtóir tine a choimeád.

(iii) Déan cur síos, ag úsáid léaráide duit, ar conas is féidir an brac a cheangal go daingean den bhalla.

(iv) Liostaigh gléas múchta tine **amháin** eile a mbeadh fáil uirthi sa seomra Miotalóireachta.

(13 mharc)

5. Roghnú Ábhar


4. Líníochtaí Táirgthe



### Ceist 3

20 Marc


- (a) (i) Sainaithin **gach** ceann de na tapanna a thaispeántar.  
 (ii) Mol úsáid **amháin** do **gach** ceann de na tapanna a thaispeántar.  
 (iii) Sainaithin na páirteanna ‘A’, ‘B’ agus ‘C’ ar an scriúshnáithe a thaispeántar.  
 (11 mharc)



- (b) Tá poll 9 mm le druileáil in ábhar a bhfuil luas gearrtha dromchla 54 m/nóim. aige. Úsáid na foirmle a thugtar agus ríomh an luas ina RPM. (Bíodh  $\pi$  mar 3 agat)

$$N = \frac{S \times 1000}{\pi \times D}$$


(4 mharc)



- (c) (i) Sainaithin **gach** ceann de na seamanna a thaispeántar thall.  
 (ii) Déan cur síos ar conas is féidir siúnta a chríochnú agus tú ag úsáid ceann **amháin** de na seamanna a thaispeántar.



Seam A




Seam B

(5 mharc)

### Ceist 4

20 Marc

- (a) Ainmnigh an saghas foirnéise a thaispeántar. (1 mharc)  
 (b) Liostaigh na hábhair sa lucht. (3 mharc)  
 (c) Tabhair breac-chuntas ar oibriú na foirnéise. (2 mharc)  
 (d) Mínigh cad a chuireann cosc le leá an Lansa. (1 mharc)  
 (e) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm na Líneála atá Díonach ar Theas. (2 mharc)  
 (f) Déan cur síos, ag úsáid léaráidí duit, ar conas a asbhaintear **gach** ceann díobh seo a leanas as an bhfoirnéis:



- (i) Cruach;  
 (ii) Slaig.

(4 mharc)

- (g) Déan an tábla a thugtar a atarraingt i do fhreagarleabhar. Comhlánaigh an tábla ag ainmniú na gcóimhiotal agus ag liostú airí thábhachtach **amháin** de chuid **gach** ceann díobh.

(7 marc)

Comhdhéanamh	Cóimhiotal	Airí
Copar + Sinc		
Iarann + Carbón		
Luidhe + Stán		

## Taispeántar traein ar ráillí thall.

- (a) (i) Ainmnigh miotal oiriúnach **amháin** i gcomhair **gach** páirt atá lipéadaithe.  
 (ii) Luaigh cúis **amháin** le roghnú **gach** ábhair.  
 (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné shábháilteachta **ar bith** de chóras iarnróid.  
 (iv) Déan cur síos ar **dhá** shaghas gluaiseachta **ar bith** a tharlaíonn i meicníocht rotha na traenach.  
 (v) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste timpeallachta **ar bith** a bhaineann le taisteal ar thraein i gcomparáid le modhanna iompair eile. *(12 marc)*


Scáth Gaoithe

Cabhail Mhiotail



Ráillí

- (b) (i) Sainaithin an mheicníocht tiomána a thaispeántar thall.  
 (ii) Mol feidhmiú oiriúnach **amháin** don mheicníocht seo.  
 (iii) Má tá 40 fiacail ag an tiomántóir, agus 10 bhfiacail ag an rud atá á thiomáint, cad é an gearchoibhneas?  
 (iv) Má chasann an tiomántóir ar 25 RPM, cé chomh tapa agus a chasann an rud atá á thiomáint, ina RPM?

*(8 marc)*


Meicníocht Tiomána

## Ceist 6

- (a) (i) Déan cur síos ar conas is féidir an siogairlín a thaispeántar a dheilbhiú as leathán copair 1mm.  
 (ii) Mínigh, agus tú ag úsáid léaráidí, conas is féidir bailchríoch a chur ar an siogairlín trí chruanadh.  
 (iii) Déan cur síos achomair ar cheann **amháin** de na bailchríocha maisiúla miotail seo a leanas:
- Greanadh;
  - Péinteáil laicir;
  - Breacadh.


*(10 marc)*

- (b) (i) Ainmnigh **dhá** phróiseas teaschóireála **ar bith**.  
 (ii) Déan cur síos ar cheann **amháin** de na próisis a d'ainmnigh tú.  
 (iii) Mol **dhá** chúis **ar bith** atá le teaschóireáil miotal.  
 (iv) Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** atá le comhlíonadh nuair a bhíonn teaschóireáil á déanamh ar mhiotail.

*(10 marc)*


Siogairlín Copair

- (a) (i) Sainaithin an saghas deile a thaispeántar.
- (ii) Míneigh **dhá** cheann **ar bith** de na téarmaí deile seo a leanas:
- Rith tástála;
  - G-chódanna;
  - Seach-chuir uirlise;
  - Ionad fosaithe uirlise.



Deil

- (iii) Atarraingt na haiseanna deile a thaispeántar i do fhreagarleabhar agus lipéadaigh an treo ceart  $-X$ ,  $+X$ ,  $-Z$  agus  $+Z$ .
- (iv) Liostaigh **dhá** bhuntáiste **ar bith** atá ag an deil seo ar ghnáthdheil.
- (v) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné shábháilteachta **ar bith** a bhaineann leis an deil a thaispeántar.



Aiseanna Deile

(14 mharc)

- (b) (i) Sainaithin an **dá** áis iniompartha stórála cuimhne a thaispeántar.
- (ii) Cad is CAD/CAM ann?
- (iii) Liostaigh **dhá** bhuntáiste **ar bith** atá ag córas CAD/CAM.



(6 mharc)

Fearais Stórála

**Leathanach Bán**